2024/1884

11.7.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1884 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na cainníochtaí iomlána de lamháltais CTA AE a cuireadh ar ceal a d'fhéadfaí a chur san áireamh maidir le comhlíonadh Ballstát áirithe faoi Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Páras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/842 go bhféadfadh Ballstáit áirithe cealú teoranta lamháltas astaíochtaí CTA AE a chur san áireamh maidir lena gcomhlíonadh faoi Airteagal 9 den Rialachán sin ('solúbthacht CTA').

(2) Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún ([2]) na cainníochtaí iomlána is féidir a úsáid le haghaidh sholúbthacht CTA de bhun Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2018/842. Cinneadh an líon iomlán agus na Ballstáit ag cur i bhfeidhm na gcéatadán faoinar thug na Ballstáit fógra faoin 31 Nollaig 2019 de bhun Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2018/842 ar luachanna ríofa astaíochtaí gás ceaptha teasa 2005.

(3) Tar éis anleasú a rinneadh ar Rialachán (AE) 2018/842 le Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), méadaíodh uaschéatadán Mhálta de sholúbthacht CTA le haghaidh na mblianta 2025-2030 ó 2 % go 7 %. Ina theannta sin, tugadh deis nua do roinnt Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2023 cé acu a bhí nó nach raibh sé beartaithe acu úsáid a bhaint as solúbthacht CTA nó úsáid bhreise a bhaint aisti le haghaidh na tréimhse 2025-2030.

(4) Faoin 31 Nollaig 2023, thug Málta agus an tSualainn fógra don Choimisiún faoin úsáid atá beartaithe acu a bhaint as an tsolúbthacht sin. Dá bhrí sin, ba cheart na cainníochtaí atá le húsáid le haghaidh sholúbthacht CTA a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a leasú le haghaidh an dá Bhallstát sin.

(5) Na cainníochtaí breise don dá Bhallstát sin is féidir a chur san áireamh maidir le comhlíonadh Ballstáit faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842, cinntear iad trí na céatadáin le haghaidh na tréimhse 2025 go 2030 arna fhógairt de bhun Airteagail 6(3a) agus (3b) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm ar luachanna ríofa astaíochtaí gás ceaptha teasa 2005 mar a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Athrú Aeráide,

([1]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 maidir le leithdháiltí astaíochta bliantúla na mBallstát a leagan amach don tréimhse ó 2021 go 2030 de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 426, 17.12.2020, lch. 58, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec_impl/2020/2126/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Páras a chomhlíonadh, agus Rialachán (AE) 2018/1999 (IO L 111, 26.4.2023, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/857/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN III

Cainníochtaí iomlána i ndiaidh laghdú ar lamháltais CTA AE a d'fhéadfaí a chur san áireamh maidir le comhlíonadh Ballstát áirithe faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/842

Ballstát	Uaschainníocht i dtonaí de choibhéis CO_2
an Bheilg	15 423 456
an Danmhairg	8 073 618
Éire	19 075 035
Lucsamburg	4 046 475
Málta	510 300
an Ostair	11 398 397
an Fhionlainn	6 887 972
an tSualainn	5 187 421"